

Cuilteáil Chois Fharraige

Áine Máire Ní Ódhráin

IFómhar 2005 thug Mairéad Ní Mhócháin (Scoil Sailearna) agus Bríd Ní Bhriain (Coláiste Cholm Cille) cuireadh dom cúrsa *patchwork* a mhúineadh do thuismitheoirí na scoileanna. Bhí an-suim ag na thuismitheoirí ann agus ar an gcéad oíche tháinig ocht nduine dhéag chun an chuilteáil phaistí a fhoghlaim. Mé féin agus Mary Ann Uí Churraoin a bhí á múineadh.

Tar éis na blaise sin, bhí deichniúr foghlaimeoirí ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis agus bunaíodh *Cuilteálaithe Chois Fharraige* i Feabhra 2006. Bhuaileamar le chéile i gColáiste Cholm Cille, ag fuáil 's ag baint taitneamh as an gcaint agus as an gcomhlúadar chuile oíche Dé Céadaoin. Bhí obair á dhéanamh againn ag an am céanna agus i mí Bealtaine 2007 bhí ár gcéad thaispeántas againn i Leabharlann na Ceathrún Rua. Bhí dhá chuilt agus fiche ann agus is é Máirtín Daibhí a d'oscail an taispeántas dúinn. San am sin freisin, rinneamar cúig chuilt grúpa a bhronnamar ar na scoileanna le haghaidh crannchur.

Thosaigh mé ag déanamh *patchwork* leis na mná i dTearmann Éanna le cúnamh ó Bhríd Feeney agus ó Mheán Fómhair 2007 go Meitheamh 2008 rinne gach duine acu cuilt leapa. Chuir siad an-obair isteach iontu agus bhí mé féin an-bhródúil as a gcuid saothar. Cheap mé gur cheart an obair iontach seo a thaispeáint in áit phoiblí ionas go

mbeadh a fhios ag gach duine cé chomh hálainn is a bhí na cuilteanna. Dá bharr sin thug *Cuilteálaithe Chois Fharraige* cuireadh do Mhuintir Thearmann Éanna teacht le chéile leo ina gcéad thaispeántas eile i bhFómhar 2008.

Chun réimse na glúine a líonadh, bhí cuilteanna ag teastáil ó dhaoine óga. Chuaigh mé go dtí múinteoirí rang 4 i Scoil na Tulaí agus i Scoil Sailearna ag fiafraí an mbeinn in ann tionscnamh beag *patchwork* a dhéanamh leis na gasúir. Bhí Bríd Bleasdale agus Máire Bean Uí Ghabhnáin an-sásta tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dom agus lean an obair ar aghaidh ar feadh cúig seachtainí. Sa deireadh bhí pluid bheag déanta ag chuile ghasúr agus iad go léir déanta le lámh acu féin.

Anois bhí na píosáí de na míreanna mearaí réidh le cur le chéile. Bhí aisling ghéar agam ó 2006 go mbeadh ár gcéad thaispeántas eile i Seanscoil Sailearna, áit bhreá, ard, fairsing le dóthain spáis chun na cuilteanna go léir a chrochadh. Agus sin mar a tharla. Bhí an Seanscoil saor le linn sheachtain an bhriseadh lártéarma, Deireadh Fómhair 2008, agus chrochamar na cuilteanna tráthnóna Dé hAoine.

Bhí go leor cúnamh againn ó Nóirín agus ó Cholm; ó Sheán agus Ciarán Ó Cadhain; Tony Murphy; Oisín agus Cian Ó Fátharta agus Áine Marie Ní Churraoin an lá sin. Agus ag deireadh an lae bhí tríocha ceathair cuilt mhóra agus ceatharcha cuilt bheaga réidh le haghaidh oscailt oifigiúil an taispeántais "Ag Cuilteáil ó 9 go 99"



Tháinig slua breá le chéile an oíche sin. Bhí ceol ann ó Dhiarmuid Ó Fátharta, Áine agus Eoin Ó Dhubhghaill agus Caitríona Ní Churraoin. Máire Pheter Ní Dhroighneáin a labhair ag an oscailt agus bhí go leor rudaí deasa le rá aici faoin obair ealaíonta a bhí os a comhair. Míle buíochas, a Mháire. An Domhnach ina dhiaidh sin, bhí ócáid eile do na gasúir agus a gclann ag meán lae. Bhronn Máire Treasa Ní Dhubhghaill duaiseanna beaga orthu agus bhíodar go léir sásta a gcuid oibre a thaispeáint.

Ár mbuíochas don Údarás, don Chomharchumann, do Mhuintir Bhruach na Mara, do Coláiste Cholm Cille agus do Shiopa an Phobail as an gcúnamh agus an tacaíocht a thug siad dúinn. Táimid ag súil go mór le taispeántas uimhir a trí.

